Studied Poetry (Pros Roghnach)

Irish Past Exam Questions

Higher Level

2013

Paper Two - Section 1 - Question 2B

2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann de na ceannteidil seo a leanas:

(i) Saol an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa scéal.
(ii) Críoch an scéil.
(iii) An tréith bhéaloidis is mó a thaitníonn leat sa scéal. (Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

2012

Paper Two - Section 1 - Question 2B

2B Maidir leis an sliocht as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an bpríomhthéama atá ann, agus ar fhorbairt an phríomhthéama sin sa sliocht.

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

2010

Paper Two - Section 1 - Question 1B

(a) Maidir le dráma roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear meon na **beirte** príomhphearsan ann. (25 mharc)

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir le scannán roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas: (a) an suíomh is fearr leat ann agus an chaoi a gcuirtear le chéile é; (b) an radharc is fearr leat agus an modh a léirítear é; (c) an phearsa is fearr leat agus an chaoi a gcuirtear i láthair é/í; (d) cé chomh sásúil is atá críoch an scannáin. (25 mharc)

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir le scéal béaloidis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá** ghné den scéal sin a thaitin leat. (25 mharc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

(b) Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar cé chomh héifeachtach is atá an fhorbairt ar an bpríomhthéama ann. (15 mharc)

Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá** thréith de chuid an údair ann. (15 mharc)

Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

2009

Paper Two - Section 1 - Question 1B

(a) Maidir le gearrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar a éifeachtaí a léirítear an t-athrú a thagann ar dhuine **amháin** de na príomhphearsana sa ghearrscéal. (25 mharc)

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir leis an sliocht as an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an gcaidreamh idir **beirt** de na príomhphearsana ann. (25 mharc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(b) Maidir leis an scéal béaloidis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh nóta gairid ar **dhá** ghné den bhéaloideas sa scéal sin. (15 mharc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a scríobh síos go cruinn.

nó

Maidir leis an scéal béaloidis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an tréith is mó i bpearsantacht an phríomhcharachtair. (15 mharc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a scríobh síos go cruinn.

2008

Paper Two - Section 1 - Question 1B

(a) Maidir le dráma roghnach **nó** le scannán roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar a éifeachtaí a léirítear an t-athrú a thagann ar dhuine **amháin** de na príomhphearsana sa dráma **nó** sa scannán. (25 mharc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir le scannán **nó** le dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, luaigh **dhá** theicníocht a mbaintear úsáid astu sa dráma nó sa scannán. Déan cur síos gairid ar éifeacht na dteicníochtaí sin sa saothar a roghnaíonn tú. (25 mharc)

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar a éifeachtaí a úsáidtear an greann chun an príomhthéama a léiriú ann. (25 mharc)

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

(b) Maidir leis an sliocht as an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh nóta gairid ar an gcuntas a thugtar ar shaol **beirt** de na príomhphearsana ann. (15 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

Maidir leis an sliocht as an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear **dhá** ghné de mhórthéama an tsleachta sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair a scríobh síos go cruinn.]

2007

Paper Two - Section 1 - Question 1B

(a) Maidir le gearrscéal a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **thréithe** duine de na carachtair ann. (25 mharc)

[Ní mór teideal an scéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

Maidir leis an sliocht as úrscéal a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an **bpríomhcharachtar** ann, agus ar an gcaoi a léirítear an fhorbairt a thagann air. (25 mharc)

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]

(b) Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh **carachtar amháin** as an scéal agus déan plé ar thábhacht an charachtair sin i bhforbairt an scéil. (15 mharc)

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a bhreacadh síos go cruinn.]

nó

Déan plé ar an scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa mar shampla den **saghas sin litríochta**. Is leor **dhá** phointe. Déan iad a fhorbairt. (15 mharc)

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis a bhreacadh síos go cruinn.]

2006

Paper Two - Section 1 - Question 1B

(a) Maidir le dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear príomhthéama amháin sa dráma sin.

[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

nó

Maidir le scannán a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an deis a thugann modhanna na scannánaíochta dúinn chun léargas níos cruinne agus níos suimiúla a fháil ar an bpríomhthéama.

[Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an stiúrthóra, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

nó

"Is go simplí ach go cumasach a léirítear an chodarsnacht idir beirt de na príomhcharachtair sa sliocht."
É sin a phlé maidir leis an sliocht as dírbheathaisnéis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

(b) Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé **gairid** ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an gcoimhlint idir an mhaith agus an t-olc sa scéal **agus** ar thoradh na coimhlinte sin.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.] (15 mharc)

nó

Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh nóta ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

an greann; an áibhéil; an draíocht; an tsaint.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.] (15 mharc)